Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15410/25**

| | |
|---|---|
| **CULT 128** | **EMPL 514** |
| **AUDIO 111** | **GENDER 200** |
| **CULT HERIT 25** | **DIGIT 240** |
| **EDUC 445** | **TOUR 23** |
| **JEUN 236** | **MI 907** |
| **COMPET 1161** | **ENV 1222** |
| **SAN 743** | **PROCIV 148** |
| **DISINFO 100** | **RECH 501** |
| **RELEX 1475** | **NDICI 10** |
| **FREMP 333** | **FIN 1352** |
| **AG 181** | |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 785 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Compás Cultúir don Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 785 final.

Faoi iamh: COM(2025) 785 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.11.2025
COM(2025) 785 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Compás Cultúir don Aontas Eorpach

{SWD(2025) 785 final}

# Compás Cultúir don Aontas Eorpach

## 1. Réamhrá

Lárionad bríomhar éagsúlachta cultúrtha is ea an Eoraip, a bhfuil a hainm in airde as a cuid teangacha, as a hoidhreacht chultúrtha, as a léirithe ealaíonta agus as a cuid nuálaíochtaí cruthaitheacha. Is mó Láithreacha Oidhreachta Domhanda UNESCO lena mbaineann tábhacht chultúrtha nó nádúrtha, nó tábhacht chultúrtha agus nádúrtha in éindí, atá suite san Eoraip ná mar atá in aon réigiún eile ar domhan. Is ann atá an éagsúlacht teanga faoi bhláth, áit a gcloistear níos mó ná 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus os cionn 60 teanga réigiúnach nó mionlach. Is léiriú é an saibhreas cultúrtha seo ar stair agus cuimhne chomhroinnte na hEorpa, agus tá sé ina fhórsa tiomána lena múnlaítear todhchaí na Mór-Roinne sin, lena gcothaítear muintearas i measc phobail na hEorpa agus lena neartaítear luachanna Eorpacha, mar a dhearbhaigh 87 % de na saoránaigh a mheasann go bhfuil an cultúr agus an oidhreacht chultúrtha ríthábhachtach chun gur mó a aireoidh siad gur Eorpaigh iad[1].

San Eoraip, déantar an éagsúlacht chultúrtha a cheiliúradh, a choimirciú agus a athshamhlú go síoraí. Cuirtear deiseanna iomadúla ar fáil inti d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha le bheith cruthaitheach, le dul i mbun nuálaíochta agus le teorainneacha a shárú. Mar thoradh ar oidhreacht chultúrtha agus beogacht chultúrtha na hEorpa cothaítear malartú tuairimí, idirphlé, agus comhthuiscint ar fud na bpobal agus ó ghlúin go glúin.

Tá gníomhaíochtaí cultúrtha agus an rannpháirtíocht le hoidhreacht shaibhir chultúrtha na hEorpa ríthábhachtach maidir lenár nDóigh Bheatha Eorpach. Tá fianaise ann lena léirítear gur mó is oscailte, is caoinfhulangaí, is daonlathaí agus is láidre ó thaobh an gheilleagair de iad na sochaithe inarb airde na leibhéil rannpháirtíochta cultúrtha[2], agus go bhfuil an tomhaltas cultúrtha éifeachtach chun an fuath a chomhrac[3]. Nuair atáthar rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cultúrtha, léirítear freisin gur mó an dóchúlacht go vótálfaí, go ndéanfaí obair dheonach, agus go mbeifí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí pobail[4]. Rannchuidíonn an rannpháirteachas sin leis an gcomhtháthú agus an athléimneacht, idir chríochach agus shóisialta, agus rannchuidíonn sé le feabhsú na sláinte agus na folláine. Aontaíonn 87 % de mhuintir na hEorpa go gcuirtear feabhas ar a bhfolláine mhothúchánach nó fhisiciúil nuair a bhíonn siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cultúrtha nó nuair a fhreastalaíonn siad ar imeachtaí ealaíne.

Thairis sin, baineann ríthábhacht le hearnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta san Eoraip chun borradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin iomaíochas, chun poist a chruthú, chun turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus chun ár réigiúin agus ár gcathracha a dhéanamh níos tarraingtí. Tá níos mó ná 2 mhilliún fiontar in earnálacha cultúir agus cruthaitheachta an Aontais, trína ngintear thart ar EUR 199 mbilliún i mbreisluach agus ina bhfostaítear 7,9 milliún duine ar fud na hEorpa[5].

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, foinse de chumhacht bhog agus sócmhainn dea-chlú is ea tírdhreach cultúrtha bríomhar na hEorpa. Is rud é lena n-éascaítear bunú comhpháirtíochtaí

---

1 Dearcadh mhuintir na hEorpa i leith an chultúir - Bealtaine 2025 - suirbhé Eorabharaiméadair

2 Is féidir teacht ar bhailiúchán leathnaithe na fianaise sa staidéar Culture and democracy, the evidence - Publications Office of the EU [Cultúr agus an daonlathas, an fhianaise - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh]

3 Idem.

4 Idem.

5 Figiúirí le haghaidh 2024. Foinse: Culture statistics - cultural employment - Statistics Explained - Eurostat [Staidreamh cultúir - fostaíocht chultúrtha - Míniú ar Staidreamh - Eurostat]

idirnáisiúnta a théann chun tairbhe don dá thaobh, lena bhfeabhsaítear an rannpháirtíocht dhomhanda, agus lena dtugtar tacaíocht do phróiseas méadaithe an Aontais.

An tráth céanna, déantar tábhacht straitéiseach an chultúir don Eoraip a mheas faoina luach agus tá an luach iomlán atá uirthi fós le haimsiú. I ré ina bhfeictear athrú tapa casta, teannas geopholaitiúil, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, gluaiseachtaí frithdhaonlathacha, an ghéarchéim aeráide, athruithe teicneolaíochta agus an t-aistriú digiteach, ní mór don Eoraip acmhainneacht an chultúir chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna práinneacha sin a aithint agus a úsáid.

Bíonn dúshláin shonracha roimh earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear bagairtí ar shaoirse ealaíne, dálaí oibre forbhásacha, éagothromaíochtaí maidir le rochtain ar chultúr, méadú ar an iomaíocht dhomhanda, agus saincheisteanna um chearta maoine intleachtúla a bhaineann leis an intleacht shaorga. Ar an gcuma chéanna, trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua, is féidir leis na hearnálacha sin tuilleadh feabhais a chur ar a dtáirgeadh cruthaitheach agus ar a n-acmhainneacht nuálaíochta, ach anuas air sin ar inrochtaineacht an chultúir agus rannpháirtíocht an lucht féachana.

D'ainneoin go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta le blianta beaga anuas trí bhíthin na gClár Oibre Eorpach don Chultúr[6] agus na bPleananna Oibre Eorpacha don Chultúr[7], tá an tAontas fós gan chreat straitéiseach a sheasfaidh an aimsir lena bhféadfaí ról an chultúir a chur san áireamh agus a ardú i gceapadh beartas ar bhealach comhsheasmhach. Sin é an fáth ar cuireadh tús le Treoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen, 'Rogha na hEorpa', trí bhéim a leagan ar a thábhachtaí atá éagsúlacht chultúrtha agus oidhreacht na hEorpa le haghaidh thodhchaí na hEorpa. Ar an gcuma chéanna, i gClár Oibre Straitéiseach na Comhairle Eorpaí[8] aithníodh an gá atá leis an éagsúlacht chultúrtha agus an oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn, agus leag Parlaimint na hEorpa[9], an Chomhairle[10], agus na páirtithe leasmhara béim ar a thábhachtaí atá creat straitéiseach de chuid an Aontais le haghaidh cúrsaí cultúir.

Mar fhreagairt ar na glaonna sin, tá **Compás Cultúir don Aontas Eorpach** á chur i láthair ag an gCoimisiún, **lena mbunaítear fís agus lena sainaithnítear tionscnaimh shuaitheanta**. Agus é ag aithint acmhainneacht an chultúir chun daoine a aontú, tá ag gabháil leis an gCompás freisin **dréacht-Dearbhú Comhpháirteach atá le comhaontú ag Parlaimint na hEorpa , ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún**. Chun go mbeidh rath ar an Aontas, ní mór dó an cultúr a chur i gcroílár na físe polaitiúla atá aige, agus i gcroílár a straitéise sóisialta agus eacnamaíche. Feidhmeoidh an Compás Cultúir freisin mar ancaire straitéiseach don chultúr laistigh de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034[11].

## 2. An fhís: An Eoraip ar son Cultúir, Cultúr ar son na hEorpa

Ceapadh an Compás Cultúir chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht an chultúir ar mhaithe le daoine aonair, sochaithe agus críocha agus chun a áirithiú go mbeidh an cultúr ina

---

6 An ceann is déanaí: Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal A New European Agenda for Culture [Clár Oibre Eorpach Nua don Chultúr] (COM/2018/267)

7 An ceann is déanaí: Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 (2022/C 466/01)

8 Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029

9 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2022 maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh Nua don Chultúr agus Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta (2022/2047(INI))

10 Féach fonóta 7.

11 Leis an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034, a tíolacadh an 16 Iúil 2025, cumasaítear cistiú ón Aontas don chultúr ó roinnt ionstraimí. EUR-Lex - 52025DC0570R(01) - EN - EUR-Lex

chuid lárnach d'aontacht, d'éagsúlacht agus do bharr feabhais na hEorpa. Tá sé bunaithe ar **fhís straitéiseach** ina bhfeictear an Eoraip ag seasamh an fhóid ar son an chultúir agus an cultúr ag seasamh an fhóid ar son na hEorpa:

> ***'An Eoraip ar son Cultúir'***: Tá tírdhreach cultúrtha saibhir na hEorpa ina dhlúthchuid d'fhéiniúlacht agus d'fhorbairt an Aontais. Tá sé de cheart ag gach duine cultúr a chruthú agus páirt a ghlacadh in sa chultúr, leas a bhaint as saoirse bhunúsach an léirithe ealaíonta, agus páirt a ghlacadh go saorálach i gcruthú cultúir agus sásamh a bhaint as an gcultúr. Is é is aidhm don Chompás Cultúir an cultúr a leabú mar phríomhghné laistigh de na straitéisí agus na beartais ábhartha uile, agus laistigh dá n-uirlisí cistiúcháin comhfhreagracha. Ar an gcaoi sin aithnítear luach intreach, sochaíoch, sibhialta agus eacnamaíoch an chultúir agus a ról mar earra poiblí bunúsach. Trí bhíthin beartais agus infheistíocht shaincheaptha, cuideoidh an Compás Cultúir leis na hearnálacha cultúrtha bláthú, dul i mbun nuálaíochta agus dul i mbun iomaíochta ar fud an domhain. Cé go bhfuil sé deartha le bheith trasnach, aithnítear leis agus is mór aige saintréithe sonracha na n-earnálacha cultúrtha aonair.
>
> ***'Cultúr ar son na hEorpa'***: Déanfaidh an tAontas éagsúlacht shaibhir chultúrtha, oidhreacht chultúrtha agus cruthaitheacht na hEorpa a ghiaráil chun an athléimneacht dhaonlathach a neartú, chun an comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach a fheabhsú, chun borradh a chur faoi fholláine daoine, agus chun iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa a fheabhsú. Is é is aidhm don Chompás Cultúir an cultúr a chur chun cinn agus a ardú mar léiriú ar stair agus luachanna comhroinnte na hEorpa, agus é ina chatalaíoch chumhachtach san am céanna ar mhaithe le hathléimneacht na sochaí. Trí bhíthin an chultúir, is féidir leis an Aontas a ról mar cheannaire domhanda i ngnóthaí cultúir agus cruthaitheachta a neartú, fréamhaithe sa chomhthuiscint, le gníomhaíochtaí atá bunaithe ar luachanna an Aontais.

I gcomhréir leis an bhfís sin, leis an gCompás Cultúir treorófar beartais an Aontais i g**ceithre phríomhthreo**, agus gníomhaíochtaí cothrománacha mar thaca leo chun infheistíocht i gcultúr na hEorpa a shlógadh:

1) Aontas Eorpach a sheasann agus **a threisíonn le luachanna agus cearta cultúrtha Eorpacha**;
2) Aontas Eorpach a **thugann cumhacht d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha, agus a thacaíonn le daoine**;
3) Aontas Eorpach a bhaineann leas as an gcultúr agus as an oidhreacht chultúrtha **le bheith níos iomaíche, níos athléimní agus níos comhtháite**;
4) Aontas Eorpach a **dhéanann caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus comhpháirtíochtaí cultúrtha idirnáisiúnta a mhóradh**.

Beidh tiomantas polaitiúil níos mó agus uirlisí beartais nua de dhíth ar an Aontas chun cuspóirí an Chompáis Cultúir a bhaint amach. Sin an fáth a ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- **Dearbhú Comhpháirteach** idirinstitiúideach a mholadh, a bheidh le comhaontú **idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún**, dar teideal 'An Eoraip ar son Cultúir – Cultúr ar son na hEorpa', ina leagfar amach agus ina n-athdhearbhófar an tiomantas polaitiúil i leith príomhphrionsabail don bheartas cultúrtha san Eoraip;
- Tuarascáil a fhoilsiú go tréimhsiúil **maidir le Staid an Chultúir san Aontas** chun léargas a thabhairt ar thírdhreach cultúrtha na hEorpa agus chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le forbairt éiceachóras an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear béim ar leith ar shaoirse ealaíne;

- **Idirphlé Struchtúrtha de chuid an Aontais** a bhunú le páirtithe leasmhara cultúrtha agus cruthaitheacha chun plé a dhéanamh ar an Tuarascáil maidir le Staid an Chultúir agus ar an dul chun cinn maidir le príomhthreonna an Chompáis Chultúir a chur i bhfeidhm. Feidhmeoidh an t-idirphlé sin mar ardán i gcomhair malartú tuairimí, comhchruthú agus ailíniú beartais;
- Chun tacú leis an Tuarascáil maidir le Staid an Chultúir, **mol sonraí cultúrtha de chuid an Aontais** a bhunú chun sonraí agus faisnéis chultúrtha a bhailiú agus a anailísiú, faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus ar fhorbairtí, agus dea-chleachtais a chomhthiomsú[12]. Comhoibreoidh an Coimisiún freisin le Ballstáit den Aontas Eorpach agus lena n-oifigí staidrimh, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, chun leanúint d'fheabhas a chur ar staidreamh cultúrtha an Aontais agus chun tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise.

## 3. Aontas Eorpach a sheasann agus a threisíonn le luachanna agus cearta cultúrtha Eorpacha

Is luachanna iad an daonlathas, an tsaoirse, an éagsúlacht agus an comhionannas a threisíonn a chéile, agus roinneann an tAontas agus a Bhallstáit freagracht as seasamh leo. Cumhdaítear an tsaoirse chun cultúr a chruthú agus a bheith rannpháirteach ann gan bhacainní in Airteagal 27 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine[13] agus in Airteagal 13 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[14]. Tá na cearta sin ríthábhachtach chun daoine aonair agus pobail a chumhachtú chun iad féin a chur in iúl gan bhac, dul i mbun idirphlé, éagsúlacht chultúrtha a cheiliúradh, na healaíona a chur chun cinn, an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú, agus an todhchaí a shamhlú. Is croíphrionsabail den Chompás Cultúir iad.

### 3.1. An tsaoirse ealaíne a choimirciú

Ní bheidh rath ar an gcultúr ná ar an gcruthaitheacht gan saoirse an léirithe chruthaithigh a áirithiú. Ní mór coimirciú na saoirse sin a bheith mar bhunchloch in aon sochaí dhaonlathach oscailte agus is táscaire láidir é ar shláinte dhaonlathach aon sochaí. San Aontas Eorpach, is freagracht chomhchoiteann é saoirse ealaíontóirí agus oibrithe cultúrtha a chosaint chun go mbeidís in ann cruthú gan chinsireacht nó imeaglú agus chun a dtuairimí a chur in iúl maidir le saincheisteanna a bhaineann le leas an phobail. Mar sin féin, tá tuairiscí fós ag teacht chun solais[15] ina líomhnaítear go ndéantar cur isteach míchuí a dhéanann difear do neamhspleáchas institiúidí cultúrtha, go mbaintear úsáid as 'dlíthe moráltachta' mar a thugtar orthu, as cinsireacht nó imeaglú ealaíontóirí, agus fiú go ndéantar féinchinsireacht.

Agus an daonlathas agus an tsochaí shibhialta faoi bhrú ar fud an domhain, ní mór cásanna den sórt sin a dhoiciméadú, dlúthfhaireachán a dhéanamh orthu, agus ní mór bearta a dhéanamh chun 'tearmainn' a chur ar fáil d'ealaíontóirí atá i mbaol, agus d'ealaíontóirí easáitithe[16]. Ba cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais a áirithiú go dtacaíonn a mbeartais, a gcreataí dlíthiúla agus a gcleachtais riaracháin le saoirse i ndáil le cruthú ealaíonta, léiriú ealaíonta agus scaipeadh ealaíne. Ba cheart don Eoraip gníomhú chun saoirse ealaíne a chosaint, agus feasacht ina leith a mhéadú chun í a chur chun cinn.

---

12 Leanfaidh an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc agus Tuarascáil Ionchais an Choimisiúin ar na Meáin Eorpacha de shonraí a sholáthar maidir leis an earnáil closamhairc.

13 Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine | Na Náisiúin Aontaithe

14 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

15 Comhairle na hEorpa, 2023. Saoirse Cruthaitheachta: An tSaoirse Ealaíne san Eoraip

16 Conclúidí ón gComhairle maidir le healaíontóirí atá i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe 2023/C 185/09

Is ar an gcúis sin a dhéanfaidh an Coimisiún **béim shonrach ar eispéiris ealaíontóirí i ndáil le saoirse ealaíne** a áireamh go córasach ina thuarascáil amach anseo maidir le Staid an Chultúir san Aontas. Cuideoidh an Coimisiún freisin leis **an tsaoirse ealaíne a coimirciú** trí bhíthin bheartais agus chláir an Aontais, idir cinn atá ann faoi láthair agus cinn a bheidh ann amach anseo, go háirithe **clár AgoraEU** atá beartaithe amach anseo, mar chuid den chéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais. Ina theannta sin, tá coimirciú na saoirse ealaíne ina chuid ábhartha de dhlúth agus inneach is leithne ár sochaithe, agus is é is aidhm don Sciath Eorpach don Daonlathas an daonlathas agus an athléimneacht sochaí a chosaint agus a chur chun cinn san fhadtéarma.

### 3.2. Éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn

Tá an éagsúlacht chultúrtha agus teanga i gcroílár an tionscadail Eorpaigh agus is léiriú iad ar mhana an Aontais 'Aontaithe san éagsúlacht'. Is réamhriachtanas do cheannasacht chultúrtha agus do chultúr daonlathach na hEorpa é an tiomantas na gnéithe sin a chaomhnú. Sin an fáth a bhfuil an tAontas Eorpach ina shínitheoir ann féin de Choinbhinsiún UNESCO 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir[17].

Déanann an tAontas an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn go gníomhach trína bheartais agus trína chláir, agus mar a leagtar amach i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen, leanfaidh sé de bheith ag obair chun cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad san Eoraip a choimirciú. Ó 2021 go 2024, tá an clár Eoraip na Cruthaitheachta tar éis tacú le 670 comhpháirtíochtaí cultúrtha trasnáisiúnta; eisíodh 554 scannán i bpictiúrlanna ar fud na hEorpa, agus chonaic 37,9 milliún duine saothair chlosamhairc Eorpacha ó thíortha eile san Eoraip[18].

Tá ról tábhachtach ag cúig Dhuais Chultúir an Aontais[19] maidir le hinfheictheacht earnálacha cultúrtha na hEorpa a mhéadú trína n-éagsúlacht agus a mbarr feabhais a aithint agus a chur chun cinn. Chun cur leis an méid sin, molfaidh an Coimisiún go mbeidh **Duais Taibhealaíon nua de chuid an Aontais ann chun barr feabhais sna healaíona a cheiliúradh**, agus san am céanna, scileanna, rochtain ar an margadh agus líonraí gairmiúla a neartú ar fud éiceachóras Eorpach na dtaibhealaíon.

Trí bhíthin **Lá Eorpach na dTeangacha**[20], déanann an tAontas ceiliúradh ar an éagsúlacht teanga mar léiriú cruthanta ar oidhreacht shaibhir chultúrtha na hEorpa agus mar bhunchloch den daonlathas. Ar **cheann de chuspóirí sonracha Erasmus+ tá cur chun cinn na foghlama teanga agus na héagsúlachta teanga**[21]**.** I réimsí an chultúir, an chlosamhairc agus na meán atá ag teacht chun cinn (e.g. físchluichí nó réaltacht leathnaithe), le blianta anuas tá obair mhór déanta ag Eoraip na Cruthaitheachta maidir le héagsúlacht agus scaipeadh ábhair Eorpaigh a chur chun cinn agus an lucht féachana agus éisteachta a leathnú.

---

[17] Coinbhinsiún 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir | Éagsúlacht Léirithe Cultúir

[18] Trí shraith MEDIA an chláir tacaíodh freisin le breis agus 300 cluiche nó teideal ábhair thumthaigh a fhorbairt, agus bronnadh duaiseanna gradamacha ar go leor acu.

[19] Arna gcistiú faoi Shraith Chultúir an chláir Eoraip na Cruthaitheachta: Gradaim Oidhreachta na hEorpa/Gradaim Europa Nostra; Gradaim Tallainne 'Bain ceol as an Eoraip', Duais an Aontais Eorpaigh don Ailtireacht Chomhaimseartha – Gradam *Mies van der Rohe*, Duais Litríochta an Aontais Eorpaigh, Duais *Simone Veil* a tháinig ar an bhfód le déanaí – duais an Aontais d'Oidhreacht Chultúrtha na nGiúdach.

[20] Lá Eorpach na dTeangacha | An Coimisiún Eorpach, tionscnamh comhpháirteach i dteannta Chomhairle na hEorpa.

[21] Samplaí de thionscadail a thacaíonn le teangacha réigiúnacha agus mionlaigh: tiomsú tionscadal arna gcomhchistiú ag an gclár Erasmus+ agus an clár Eoraip na Cruthaitheachta.

Agus ábhar á chur chun cinn go gníomhach ar líne aige, tá *'Déanta san Eoraip'* ríthábhachtach chun go mbeidh lucht féachana agus éisteachta na meán digiteach in ann an saibhreas agus an éagsúlacht atá ann a fhionnadh agus taitneamh a bhaint astu. Tá dul chun cinn suntasach déanta trí bhearta rialála agus beartais. Mar shampla, le hathbhreithniú 2018 ar an Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc[22], neartaíodh infheictheacht agus iomrá an ábhair closamhairc Eorpaigh a bhíonn ar sheirbhísí 'físeán ar éileamh', rud a d'fhág go mbeadh sciar 30 % ar a laghad den ábhar sna catalóga acu ina shaothair Eorpacha, agus ceanglaíodh ar an lucht craoltóireachta tromlach a gcuid ama tarchuradóireachta a chur i leataobh i gcomhair saothair Eorpacha. Trí leas a bhaint as Olltiomsú Sonraí agus as an Intleacht Shaorga (IS), is féidir borradh breise a chur faoi infhionntacht ábhair éagsúil Eorpaigh, mar a leagtar amach sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga[23].

Thairis sin, tá an taighde agus an nuálaíocht a chistítear tríd an gclár Fís Eorpach ag neartú athléimneacht earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, ag spreagadh fás inbhuanaithe, agus ag úsáid na teicneolaíochta agus an chomhair chun éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa a chaomhnú agus a shaibhriú.

Leanfaidh an Coimisiún de réimse saibhir léirithe cultúrtha agus teanga na hEorpa a chosaint agus a fheabhsú. Bainfidh sé leas as acmhainneacht iomlán an taighde, na nuálaíochta agus na teicneolaíochta chun tacú leis sin. Méadóidh sé **an taighde a dhéantar agus tacóidh sé leis an infheistíocht a déantar ó thaobh infhionntacht ábhar cultúrtha éagsúil ar líne a chruthaítear san Eoraip**, tar éis fhoilsiú an staidéir ar an ábhar céanna[24], chun tomhailt an ábhair sin a chothú laistigh agus lasmuigh den Aontas, agus béim ar leith á leagan ar ábhar ceoil agus liteartha Eorpach ar líne.

### 3.3. Rannpháirtíocht sa chultúr agus an rochtain air a leathnú

Tá rannpháirtíocht chultúrtha agus rochtain ar ghníomhaíochtaí cultúrtha ríthábhachtach chun saoránacht ghníomhach a chur chun cinn, agus is colúin bhunúsacha iad in aon tsochaí dhaonlathach chuimsitheach.

Cheana féin i roinnt Ballstát tá pasanna cultúir tugtha isteach atá ceaptha rochtain chultúrtha a fheabhsú, go háirithe do dhaoine óga. Tá cistiú ón Aontas, go háirithe **faoin gclár Eoraip na Cruthaitheachta, tar éis rochtain ar chultúr a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla**, trí thacú le pasanna Pictiúrlainne, mar shampla, in amharclanna a bhaineann le líonra *Europa Cinemas* i roinnt tíortha san Aontas trí shraith MEDIA. Leathnaíodh go mór na deiseanna atá ann chun tumadh isteach in oll-oidhreacht chultúrtha na hEorpa mar thoradh ar thionscnaimh amhail **Laethanta Eorpacha na hOidhreachta[25] nó Bealach Cultúrtha DiscoverEU**[26].

Mar sin féin, tá dul chun cinn fós le déanamh. Le 12 mhí anuas, is amhlaidh nár ghlac 51 % de mhuintir na hEorpa páirt in aon ghníomhaíocht ealaíne, bíodh sin ina n-aonar nó mar chuid de ghrúpa[27,28]. Sin an fáth a gcuirfidh an Coimisiún tuilleadh feabhais ar an rochtain a bhíonn ag daoine óga ar an oidhreacht chultúrtha ar fud na hEorpa trí na nithe seo a leanas a dhéanamh (i)

[22] Treoir (AE) 2018/1808
[23] COM(2025) 723
[24] Staidéar dá dtagraítear i bPlean Oibre an Aontais don Chultúr, 2023-2026 (IO C466, 7.12.2022).
[25] Laethanta Eorpacha na hOidhreachta | Laethanta Eorpacha na hOidhreachta, arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach agus Comhairle na hEorpa.
Le [26] Bealach Cultúir DiscoverEU | Tairseach Eorpach na hÓige, spreagtar daoine óga lena gcuid pleananna taistil a shaincheapadh de réir láithreacha cultúir agus cultúrtha. Is faoi Erasmus+ a chistítear DiscoverEU.
[27] Culture statistics - cultural participation - Statistics Explained - Eurostat [Staidreamh cultúir - rannpháirtíocht chultúrtha - Míniú ar Staidreamh - Eurostat]
[28] Dearcadh mhuintir na hEorpa i leith an chultúir - Bealtaine 2025 - suirbhé Eorabharaiméadair

**creat deonach a bhunú faoina dtabharfar aitheantas frithpháirteach do phasanna cultúir agus oidhreachta cultúrtha le haghaidh daoine óga a eisítear ar an leibhéal náisiúnta**, (ii) **Bealach Cultúir DiscoverEU** a chur chun cinn i measc daoine óga, agus (iii) **méadú a dhéanamh ar a bhfuil ar fáil ó thaobh an chultúir de laistigh de na lascainí a fhaightear leis an gCárta Óige Eorpach** faoi Erasmus+.

Tá roinnt tosca eile ann a dhéanann difear don rannpháirtíocht, mar atá, stádas socheacnamaíoch, míchumas, eitneacht, inscne, aois, agus suíomh geografach[29]. Chun cáilíocht na rannpháirtíochta sa chultúr a leathnú agus a fheabhsú, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar conas is féidir rannpháirtíocht sa chultúr a chothú trí bheartais, mar shampla, iad siúd a bhaineann le cúrsaí eolaíochta, cúrsaí sláinte, cúrsaí comhshaoil, cúrsaí oideachais, cúrsaí oiliúna agus cúrsaí comhtháthaithe shóisialta. Leanfaidh an Eoraip de bheith ar thús cadhnaíochta agus de chomhdheiseanna a chruthú trí infheistíocht leanúnach, agus trí bhonneagar cultúrtha agus cláir chultúrtha a dhearadh ar bhealach cuimsitheach inrochtana. I gcomhréir leis an meon sin, ullmhóidh an Coimisiún Tuarascáil chun tacú leis na Ballstáit chun **rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa chultúr agus tacaíocht dóibh a mhéadú**.

## 4. Aontas Eorpach a thugann cumhacht d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha, agus a thacaíonn le daoine

Bíonn an saol cultúrtha faoi bhláth nuair a chruthaíonn sochaithe dálaí faoina ligtear do dhaoine aonair agus d'ealaíontóirí rudaí a thriail agus teorainneacha a leathnú. Chuige sin, tá gá le dálaí oibre cothroma i gcomhair ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha, mar aon le timpeallachtaí oibre sábháilte atá saor ó fhoréigean de chineál ar bith, agus oideachas, oiliúint agus scileanna leormhaithe. An tráth céanna, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar réaltachtaí an tsaoil iarbhír ina maireann daoine óga, lena n-áirítear ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, chun Eoraip a thógáil atá saibhir ó thaobh an chultúir de agus ina gcuirtear an luach ceart ar na daoine. Ní mór don Aontas oideachas sna healaíona agus rochtain chuimsitheach shábháilte ar chultúr a chur chun cinn le haghaidh leanaí, daoine óga agus grúpaí faoi ghannionadaíocht.

### 4.1. Dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú

Bíonn deacrachtaí fós ag go leor oibrithe cultúrtha leas a bhaint as cearta agus cosaintí coibhéiseacha sa chleachtas.

In 2024, bhí 7,9 milliún duine fostaithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ar fud an Aontais, is é sin sciar 3,8 % de líon iomlán daoine fostaithe an Aontais. Mar sin féin, tá leibhéal mór éagsúlachta ann i gcomhdhéanamh an lucht saothair agus sna cineálacha fostaíochta[30]. Sna hearnálacha seo bíonn saorobair agus féinfhostaíocht níos coitianta ná mar a bhíonn in earnálacha eile, agus tá beagnach aon trian d'oibrithe cultúrtha ar fud an Aontais féinfhostaithe, líon atá dhá oiread níos mó ná meán foriomlán an Aontais[31]. Is gnách go mbíonn fad na gconarthaí oibre níos giorra agus níos éagobhsaí i gcomparáid leo siúd in earnálacha fostaíochta níos traidisiúnta. San earnáil sin is ísle de 15,2 pointe céatadáin cion an lucht saothair ag a bhfuil conradh buan ná sa mhargadh saothair ginearálta[32]. Is lú an dóchúlacht freisin go mbeadh aon phost amháin[33] ag ealaíontóirí agus scríbhneoirí agus bíonn ar níos mó

[29] Culture statistics - cultural participation - Statistics Explained - Eurostat [Staidreamh cultúir - rannpháirtíocht chultúrtha - Míniú ar Staidreamh - Eurostat]
[30] Culture statistics - cultural employment - Statistics Explained - Eurostat [Staidreamh cultúir - fostaíocht chultúrtha - Míniú ar Staidreamh - Eurostat]
[31] Idem.
[32] Idem.
[33] Idem.

ná leath de na cruthaitheoirí closamhairc (stiúrthóirí, scríbhneoirí scáileáin, etc.) maireachtáil trí thréimhsí fada gan aon obair íoctha[34]. Sna sonraí agus torthaí cigireachta atá ar fáil léirítear go mbíonn leibhéil shuntasacha oibre neamhdhearbhaithe ar siúl sna hearnálacha[35].

Is minic a bhíonn na dálaí oibre i réimse an chultúir forbhásach[36], agus is minic a eisiatar ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha ón gcosaint shóisialta nó nach gcumhdaítear iad ach go páirteach léi. Tá drochdhálaí oibre i measc na dtosca a imríonn tionchar diúltach ar mheabhairshláinte na ngairmithe freisin. Bíonn go leor bacainní fós roimh ghairmithe faoi mhíchumas agus is bacainní iad a chuireann cosc orthu a gcuid oibre a fhorbairt ar comhchéim le daoine eile. Sna hearnálacha cultúrtha feictear bearna mharthanach freisin idir na hinscní sa mhéid airgid a thuilltear, áit a mbíonn sciar níos airde de mhná ná fir ag tuilleamh pá íseal[37].

Le blianta beaga anuas, tharla forbairtí tábhachtacha sna Ballstáit agus ghlac roinnt tíortha reachtaíocht maidir le stádas ealaíontóirí nó bearta sonracha eile chun tacú le healaíontóirí, ar nós beartais agus cairteacha a fhorbairt maidir lena bpá agus lena ndálaí oibre. Ar leibhéal an Aontais, thacaigh an Coimisiún le staidéir éagsúla, grúpaí saineolaithe éagsúla agus ceardlanna éagsúla le rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát[38], lena mbaineann taobh an chultúir chomh maith le taobhanna na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta, páirtithe leasmhara, comhpháirtithe sóisialta, agus Parlaimint na hEorpa[39].

Tá sé tábhachtach dlús a chur le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun dálaí oibre ealaíontóirí a fheabhsú. Molfaidh an Coimisiún go mbunófaí **Cairt Ealaíontóirí de chuid an Aontais chun prionsabail bhunúsacha, treoraíocht agus gealltanais maidir le dálaí oibre cothroma** sna hearnálacha a leagan amach, agus chun cur leis an gcomhlíonadh agus leis an gcuntasacht, go háirithe i measc faighteoirí chistiú an Aontais le haghaidh an chultúir. Eagróidh sé **malartú ardleibhéil de chuid an Aontais le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe sóisialta,** agus cuirfidh na torthaí le dearadh na cairte freisin.

Ina theannta sin, chun dálaí oibre ealaíontóirí a fheabhsú, ní mór dóibh tuiscint shoiléir a bheith acu ar a gcearta, lena n-áirítear na creataí dlíthiúla agus conarthacha lena rialaítear a gcuid oibre. Chuige sin, thacaigh an Coimisiún le **seoladh na huirlise ar líne 'Seo Mar a Oibríonn Muid' ar an ardán *Creatives Unite*** lena dtugtar léargas ar chreataí dlíthiúla agus beartais a mhúnlaíonn stádas, slándáil shóisialta agus caidreamh saothair ealaíontóirí[40]. Rachaidh sé i gcomhpháirt freisin leis an tionscnamh ***Creators Learn Intellectual Property***, a d'fhorbair an

---

34 Stádas ealaíontóirí agus gairmithe cruthaitheacha san Eoraip - An Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc

35 Saintréithe fostaíochta agus obair neamhdhearbhaithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta - An tÚdarás Eorpach Saothair

36 De réir suirbhé a rinne *Panteia* in 2024, as na healaíontóirí agus na gairmithe ó earnálacha cultúir agus cruthaitheachta a d'fhreagair an suirbhé, tá níos mó ná post amháin ag 68 % díobh, agus maireann 71 % díobh gan rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach; go háirithe saorealaíontóirí agus ealaíontóirí féinfhostaithe.

37 Sonraí le haghaidh 2022. De réir shonraí Eurostat, in 2022, cé gur chláraigh an tAontas an bhearna is ísle idir na hinscní sa líon atá fostaithe sna hearnálacha cultúrtha le 10 mbliana anuas, ní fheictear an chothromaíocht sna leibhéil a thuilltear. Culture statistics - gender equality - Statistics Explained - Eurostat [Staidreamh cultúir - comhionannas inscne - Míniú ar Staidreamh - Eurostat]

38 Stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh; Mapáil a dhéanamh ar dhálaí oibre earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta san Aontas

39 Tá Parlaimint na hEorpa tar éis a bheith ina urlabhraí ar mhaithe le Creat de chuid an Aontais le haghaidh staid ghairmiúil agus phearsanta ealaíontóirí agus oibrithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta C/2024/4208.

40 Seo Mar a Oibríonn Muid - Mapáil a dhéanamh ar dhálaí oibre earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta san Aontas (creativesunite.eu)

Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil, agus a chuireann tacaíocht ar fáil do ghairmithe cruthaitheacha maidir le saincheisteanna maoine intleachtúla.

### 4.2. Soghluaisteacht trasteorann i réimse an chultúir a éascú

Tá comhar trasteorann agus soghluaisteacht trasteorann lárnach i ngairmeacha ealaíontóirí agus baineann tábhacht leo chun spás cultúrtha Eorpach a fhorbairt lena gcothófar naisc agus idirphlé idir gairmithe cruthaitheacha agus le saoránaigh. Feidhmíonn siad freisin mar spreagadh don iomaíochas agus chun teacht ar mhargaí nua; mar thoradh orthu bíonn saothair chultúrtha agus chruthaitheacha in ann gluaiseacht níos éasca thar theorainneacha agus dul i bhfeidhm ar lucht féachana agus éisteachta níos leithne, agus spreagann siad fás agus scálú gheilleagar cruthaitheach na hEorpa.

Bhí tacaíocht don chomhar trasteorann i gcónaí i gcroílár an chláir Eoraip na Cruthaitheachta agus tríd an gclár, fuair níos mó ná 22 000 gairmí taithí idirnáisiúnta idir na blianta 2014 agus 2020. Le seoladh **na scéime soghluaisteachta Culture Moves Europe**[41], tá méadú tagtha ar dheiseanna soghluaisteachta. Ó 2022 go 2025, thacaigh an scéim cheana féin le níos mó ná 6 000 ealaíontóir agus gairmí cultúrtha ó 40 tír, agus cruthaíodh níos mó ná 280 cónaitheacht ealaíontóra lenar cuireadh fáilte roimh os cionn 1 000 ealaíontóir aonair.

Mar sin féin, is ann i gcónaí do roinnt bacainní a chuireann teorainn leis na tairbhí sin a bhaint amach go hiomlán. Bíonn ar eagraíochtaí cultúrtha, ealaíontóirí agus gairmithe aghaidh a thabhairt ar dhúshláin riaracháin chostasacha a chuireann bac ar shoghluaisteacht trasteorann. Mar shampla, ní mór d'ealaíontóirí ar mian leo turas a dhéanamh trasna na hEorpa dul i ngleic le bacainní a eascraíonn as rialacha a bhaineann le forálacha fostaíochta agus slándála sóisialta atá éagsúil ó thír go chéile, cánachas dúbailte a d'fhéadfadh a bheith ann, agus castachtaí an tsoláthair seirbhísí trasteorann. Is minic a chuireann víosaí agus ceadanna oibre do náisiúnaigh tríú tír bac breise ar chúrsaíocht agus cuireann siad le costais freisin.

Leis an **bPacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair** atá ar na bacáin, molfaidh an Coimisiún tionscnaimh lena ndéanfar na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le soghluaisteacht agus saorghluaiseacht an lucht saothair a nuachóiriú, a shimpliú agus a dhigitiú. Rachaidh na tionscnaimh sin, amhail an **Pas Eorpach Slándála Sóisialta**, chun tairbhe go díreach dóibh siúd atá rannpháirteach sa tsoghluaisteacht trasteorann chultúrtha. Tá **infheistíocht leanúnach ón Aontas sa tsoghluaisteacht fíor-riachtanach**, lena n-áirítear **feabhas a chur ar an tacaíocht don chlár *Culture Moves Europe***.

### 4.3. Guth a thabhairt don óige laistigh de struchtúir rialachais chultúrtha agus tallann óg agus tallann atá ag teacht chun cinn á chothú san am céanna

Tá ról ríthábhachtach ag daoine óga maidir leis an gcultúr atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a mhúnlú. Le tuairimí na hóige tugtar dúshlán na gcleachtas traidisiúnta agus leathnaítear raon físe na léirithe ealaíonta, rud atá fíor-riachtanach d'fhorbairt agus athnuachan na cruthaitheachta.

Ní mór aitheantas a thabhairt do dhaoine óga mar bhaill lárnacha den phobal cultúrtha. Ba cheart infheistíocht i spásanna cruthaitheacha atá faoi stiúir na hóige agus faoi úinéireacht an phobail a bheith ina cuid lárnach de straitéisí chun bonneagar cultúrtha a fhorbairt. Trí ról substaintiúil a thabhairt do dhaoine óga i bpróisis ceaptha beartas, tugtar an chumhacht dóibh a gcearta cultúrtha a dhearbhú.

Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht fhiúntach na n-óg i gceapadh beartas an Aontais trína ionstraimí bunaithe. Ina theannta sin, bunóidh sé **líonra Óg-**

[41] Culture Moves Europe - Cultúr agus Cruthaitheacht

**Ambasadóirí Cultúrtha** chun cúrsaí a bhaineann leis an mbeartas cultúir a phlé. Tríd an **Straitéis Cothroime Idirghlúine** atá ar na bacáin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **- trí chaomhnú oidhreachta agus teanga agus trí nuálaíocht chultúr-bhunaithe -** an fhoghlaim idirghlúine a chur chun cinn.

Le ceapadh beartas cultúrtha ar fud na hEorpa, ba cheart díriú níos mó freisin ar ealaíontóirí óga agus ar ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus ar ghairmithe cultúrtha óga. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag tacú le cineálacha cur chuige spriocdhírithe agus de bheith á spreagadh, lena n-áirítear trí **scéim an Ardáin** faoi shraith an chultúir den chlár Eoraip na Cruthaitheachta, agus trí **chláir thiomnaithe intéirneachta faoi Erasmus+.**

### 4.4. Oideachas cultúir agus ealaíon a chur ar fáil

Tá dlúthnasc idir an cultúr agus an t-oideachas. Tá an rannpháirtíocht oideachasúil ríthábhachtach d'institiúidí cultúrtha, agus tá ról ríthábhachtach ag na healaíona san oideachas agus san fhorbairt dhaonna ó aois an-óg[42]. Ach an cultúr agus an t-oideachas ealaíon a chomhtháthú - mar phríomhchodanna - san oideachas agus san oiliúint, idir fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, saothraítear braistint an chumhachtaithe, feabhsaítear léiriú cruthaitheach, gnóthachtáil acadúil, smaointeoireacht chriticiúil, agus folláine foghlaimeoirí. Tá Erasmus+ tar éis go leor tionscadal maidir le hoideachas cultúir agus ealaíon a chur chun cinn, lena n-áirítear comhar le músaeim agus leabharlanna.

Tá dlúthbhaint ag rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha le rannpháirtíocht shibhialta agus cuidíonn sé le daoine muinín, comhbhá, caoinfhulaingt agus scileanna cumarsáide a fhorbairt. Forbróidh an Coimisiún tionscadal **piarfhoghlama, tríd an gcultúr, chun rannpháirtíocht shibhialta daltaí agus braistint na saoránachta daonlathaí iontu a neartú**, laistigh agus lasmuigh de na scoileanna araon.

Ba cheart oideachas foirmiúil agus foghlaim ar feadh an tsaoil an cultúr a ghiaráil chun scileanna riachtanacha cruthaitheacha a fhorbairt, lena n-áirítear scileanna atá ríthábhachtach don Aontas chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh agus chun daoine óga a ullmhú do gheilleagar atá ag athrú go tapa agus don mhargadh fostaíochta a bheidh ann amach anseo. Is féidir le hoideachas agus oiliúint ealaíon éifeachtaí níos leithne a chruthú freisin trí scoileanna agus teaghlaigh a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar institiúidí cultúrtha, ar mhúsaeim, ar amharclanna agus ar leabharlanna agus iad a úsáid mar spásanna foghlama cruthaitheacha. Mar sin féin, is minic a bhíonn stádas íseal ag an oideachas cultúir agus ealaíon i scoileanna agus nach dtugtar dóthain acmhainní dó; is minic freisin a bhíonn siad ar imeall an bheartais i roinnt Ballstát, agus déantar iad a chiorrú go mion minic aimsir srianta buiséid.

Ní mór soláthar an oideachais chultúrtha agus ealaíon a neartú agus ní mór cáilíocht an oideachais sin a fheabhsú. Déanfaidh an Coimisiún **comhar trasearnála níos láidre a chur chun cinn idir beartais chultúir agus beartais oideachais**. Cothóidh sé comhpháirtíochtaí i measc ealaíontóirí, institiúidí cultúrtha, eagraíochtaí cultúrtha pobail, scoileanna agus soláthraithe oideachais neamhfhoirmiúil, agus spreagfaidh sé tionscadail oideachais chultúrtha agus ealaíon ar leibhéal an phobail.

Trína thionscnamh **'Aontas na Scileanna', tá an Coimisiún ag dul i ngleic leis an meath suntasach atá tagtha ar léitheoireacht leabhar**. Bainfidh sé tairbhe as an obair shaineolach a rinne Ballstáit le déanaí ar thionscnaimh chur chun cinn na léitheoireachta amhail **Lá na nÚdar**

[42] Moladh ón gComhairle maidir le cineálacha cur chuige foghlama cumaisc i gcomhair bunoideachas agus meánoideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta (2021/C 504/03)

**Eorpach**[43], agus bainfidh sé **leas freisin as an ról tábhachtach atá ag leabharlanna** agus as a gcuid saineolais. Rannchuideoidh **Comhghuaillíocht Litearthachta an Aontais**, a fógraíodh le haghaidh 2026, leis an gcuspóir ríthábhachtach sin[44].

### 4.5. Sláinte agus folláine a fheabhsú tríd an gcultúr

Le cleachtais chultúrtha feabhsaítear an tsláinte, an fholláine agus an cháilíocht saoil don duine aonair, don phobal agus don tsochaí. Nuair a chomhtháthaítear tionscnaimh chultúir agus tionscnaimh shláinte tá sé cruthaithe go bhfuil sé sin éifeachtach chun neartú a dhéanamh ar naisc phobail, athléimneacht mhothúchánach agus fhisiciúil, chun borradh a chur faoin meabhairshláinte, agus chun an t-uaigneas a chomhrac[45], rud a d'fhéadfadh cabhrú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin mheabhairshláinte leanaí agus daoine óga.

Ghlac cur chuige cuimsitheach 2023 an Choimisiúin i leith na meabhairshláinte[46] an chéad chéim trína aithint go gcuireann beartais ealaíon agus cultúir feabhas ar mheabhairshláinte agus folláine an duine aonair agus na sochaí, agus go dtacaíonn siad le hathléimneacht mheabhairshláinte. Sainaithníodh ann gur chur chuige nuálach amháin i ndáil leis sin é oideasú sóisialta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cultúrtha i suíomhanna cúraim phríomhúil. Le tionscadail ar an ábhar seo a chistigh an tAontas cuireadh tuilleadh eolais ar fáil[47], sainaithníodh dea-chleachtais, agus cuidíodh le feasacht an phobail a mhúscailt.

I moltaí beartais 2025 a rinne saineolaithe cultúir agus sláinte na mBallstát[48], iarradh bearta misniúla amhail straitéisí trasearnála a bhunú, cistiú inbhuanaithe a áirithiú chun taighde a chur chun cinn agus rochtain chothrom a áirithiú. Forbróidh an Coimisiún, le tacaíocht ó shaineolaithe, **treoirlínte an Aontais maidir le cultúr, sláinte agus folláine** le haghaidh lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara. Leanfaidh sé freisin de mhalartuithe rialta dea-chleachtas a spreagadh sa réimse sin, agus tacú le comhar trasteorann tríd an gclár Eoraip na Cruthaitheachta.

## 5. Aontas Eorpach a bhaineann leas as an gcultúr agus as an oidhreacht chultúrtha le bheith níos iomaíche, níos athléimní agus níos comhtháite

Tá earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta i measc na n-earnálacha eacnamaíocha is dinimiciúla san Eoraip lena gcuirtear borradh faoin nuálaíocht agus faoin iomaíochas, lena gcruthaítear poist, agus lena bhfeabhsaítear tarraingteacht ár gcathracha agus ár réigiún. Tá gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta digití an-ghníomhach in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta[49]. Cruthaíonn an cultúr éifeachtaí iarmharta tábhachtacha fáis

---

43 Lá na nÚdar Eorpach - Cultúr agus Cruthaitheacht

44 Fógraíodh Comhghuaillíocht Litearthachta an Aontais sa Phlean Gníomhaíochta um Bunscileanna, An Coimisiún Eorpach, Márta 2025.

45 What is the evidence on the role of the arts in improving health and well-being? [Cén fhianaise atá ann maidir le ról na n-ealaíon chun an tsláinte agus an fholláine a fheabhsú?] A scoping review [Athbhreithniú scópála], EDS, 2019.

46 Cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte - an Coimisiún Eorpach

47 Amhail an tionscadal *CultureForHealth*.

48 An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, *Cultúr agus Sláinte – Is mithid gníomhú*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2766/0432398

49 De na héiceachórais thionsclaíocha uile, meallann earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ceann de na sciartha is airde de ghnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta, i dteannta earnálacha na sláinte agus na soghluaisteachta. Tuilleadh faisnéise: An Coimisiún Eorpach, 'An Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair agus ar Iomaíochas', 2024

in earnálacha eile freisin. Mar shampla, is í an turasóireacht chultúrtha is cúis le 40 % de thurasóireacht uile na hEorpa.[50].

Tá acmhainneacht nár saothraíodh fós i dtáirgeadh cultúrtha agus cruthaitheach na hEorpa laistigh de Mhargadh Aonair an Aontais agus ar fud an domhain araon. Chun leas a bhaint as a n-acmhainneacht agus as rannchuidiú uathu le hiomaíochas an Aontais, ní mór tacú le hearnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta le linn na n-aistrithe atá rompu. Ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach lena n-áiritheofar go gcuirtear chun cinn an éagsúlacht, go gcosnaítear cearta na gcruthaitheoirí, go gcloítear le caighdeáin eiticiúla leordhóthanacha, agus go gcoimircítear an oidhreacht chultúrtha, lena n-áirítear an oidhreacht dhigiteach.

Chomh maith le bearta trasnacha atá infheidhme ar fud na n-earnálacha, bíonn dúshláin agus riachtanais shonracha roimh earnálacha aonair agus leanfaidh an Coimisiún d'aghaidh a thabhairt orthu trí thionscnaimh earnála, formáidí comhair cruthaithe[51], agus sruthanna cistiúcháin[52] atá comhsheasmhach le spriocanna beartais uileghabhálacha.

### 5.1. Leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach agus as an intleacht shaorga in earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta

Tá earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta ag baint tairbhe as teicneolaíochtaí digiteacha agus tá siad á gclaochlú ag na teicneolaíochtaí sin. Tá an Intleacht Shaorga, ach go háirithe, ag athrú na mbealaí ina gcruthaítear cultúr, ina bhfaightear rochtain air agus ina dtéann sé i bhfeidhm ar dhaoine. Cuireann sé deiseanna nua ar fáil don nuálaíocht agus do rannpháirtíocht an lucht féachana, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt don oidhreacht chultúrtha trí athchóiriú, atógáil, caomhnú, athúsáid oiriúnaitheach le haghaidh léirithe fíorúla, agus rannpháirtíocht fheabhsaithe úsáideoirí. An tráth céanna, cruthaítear dúshláin nua le IS freisin, go háirithe maidir le cúrsaí cóipchirt agus úsáid neamhúdaraithe ábhair atá faoi chosaint cóipchirt in oiliúint samhlacha Intleachta Saorga giniúnaí, úsáid eiticiúil, éagsúlacht chultúrtha, easáitiú post, luach saothair cothrom do chruthaitheoirí agus riachtanais scileanna. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach aird a thabhairt ar shaincheisteanna amhail iomadú an ábhair a ghintear leis an Intleacht Shaorga, rochtain ar shonraí agus ar chistiú, agus spleáchas an Aontais ar theicneolaíocht nach leis an Aontas Eorpach í. Tá glacadh na hIntleachta Saorga ar fud earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta fós míchothrom[53], rud a chuireann leis an ngá atá le hardscileanna a shaothrú.

Tá timpeallacht rialála chumasúcháin réamhbhreathnaitheach ríthábhachtach d'earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta san Eoraip. Tá creat rialála á fhorbairt ag an Aontas[54] a thacaíonn le cruthaitheoirí agus le gníomhaithe earnála eile a infheistíonn i gcruthaitheacht agus i ndaoine cruthaitheacha trí ábhar cruthaitheach a chosaint, trí thacú le

---

50 An Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta de chuid na Náisiún Aontaithe (UNWTO), 'Report on Tourism and Culture Synergies' [Tuarascáil ar an Turasóireacht agus ar Shineirgí Cultúir]', 2018. Thairis sin, i dtuarascáil ón mbliain 2021, de réir UNWTO, tagann ardú 25 % go 40 % ar an meán ar líon na dturasóirí a thugann cuairt ar suíomhanna a thaispeántar i léiriúcháin mhóréilimh scannán nó teilifíse.

51 Mar shampla, anGrúpa Saineolaithe ar an Oidhreacht Chultúrtha, Fóram Scannán na hEorpa nó an tionscnamh*Music Moves Europe*.

52 Mar shampla, sraith MEDIA an chláir Eoraip na Cruthaitheachta lena gcumhdaítear an earnáil closamhairc nó cistiú spriocdhírithe a chuirtear ar fáil do na Taibhealaíona (*Perform Europe*) faoi shraith an chultúir den chlár Eoraip na Cruthaitheachta.

53 Tá réitigh IS-bhunaithe glactha ag 51 % de na cuideachtaí físchluichí, 39 % de na cuideachtaí closamhairc, agus 35 % de na cuideachtaí meán nuachta. Tuarascáil Ionchais 2025 maidir le Tionscal Meán na hEorpa | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú.

54 Áirítear leis sin go háirithe Treoir (AE) 2019/790, Treoir (AE) 2018/1808, Rialachán (AE) 2022/2065, Rialachán (AE) 2022/1925, Rialachán (AE) 2024/1689 agus Rialachán (AE) 2024/1083

luach saothair cothrom, agus trí chaighdeáin a leagan síos le haghaidh IS atá iontaofa agus duinelárnach.

Le Treoir 2019 maidir le cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach[55], rannchuidítear le tacaíocht a thabhairt don nuálaíocht agus, an tráth céanna, é a chur ar chumas cruthaitheoirí an úsáid a bhaintear as a n-ábhair a rialú. Is é is aidhm don Ghníomh um an Intleacht Shaorga a áirithiú, i measc nithe eile, go ndéanfar an Intleacht Shaorga a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhealach lena n-urramaítear cearta cruthaitheoirí, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Cóipcheart. Leanfaidh an Coimisiún d'éascaíocht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngnéithe a bhaineann le cóipcheart den Ghnímh um an Intleacht Shaorga, ar chur chun feidhme na gceanglas trédhearcachta maidir le hábhar a ghintear leis an Intleacht Shaorga, chomh maith le cur chun feidhme éifeachtach na n-eisceachtaí mianadóireachta téacsanna agus sonraí[56]. Tá gá freisin le seasamh soiléir ón Aontas ar chur i bhfeidhm rialacha idirnáisiúnta maidir le híocaíochtaí ríchíosa.

Tacóidh an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga[57] le glacadh na hIntleachta Saorga in earnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus na meán le haghaidh cásanna úsáide sonracha, amhail táirgeadh fíorúil, meáin idirghníomhacha agus thumthacha, infhionntacht ábhair chultúrtha (go háirithe ábhar ceoil agus litearthachta), agus leathchúplaí digiteacha 3T de shuíomhanna cultúrtha agus de dhéantáin chultúrtha. Fógraítear freisin sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga seoladh staidéir ar dhúshláin dhlíthiúla a bhaineann le haschuir arna nginiúint ag an Intleacht Shaorga agus réitigh theicneolaíocha chun na rioscaí a bhaineann le sárú cóipchirt ar ábhar Intleachta Saorga a chosc agus a mhaolú. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Threoir 2019 maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach agus leanfaidh sé d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh agus ar fhorbairtí teicneolaíochta agus scrúdóidh sé an gá a d'fhéadfadh a bheith le tuilleadh feabhsuithe ar an gcreat dlíthiúil cóipchirt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as forbairtí margaidh agus teicneolaíochta.

Chun tacú leis an obair sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **Straitéis nua um Intleacht Shaorga a fhorbairt i gcomhair earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta**, agus a gcuid riachtanas sonrach a chur san áireamh ina bheartais dhigiteacha amach anseo ionas go mbeidh an Eoraip in ann a saibhreas cultúrtha agus a cruthaitheacht dhaonna a ghiaráil in éineacht le dul chun cinn teicneolaíoch.

Baineann rí-thábhacht leis an oideachas digiteach, an litearthacht dhigiteach agus scileanna digiteacha chun dul i ngleic go criticiúil agus go cruthaitheach le timpeallachtaí cultúrtha digiteacha. Le hAontas na Scileanna comhdhlúthaítear an ról lárnach atá ag an oideachas agus an oiliúint maidir le hiomaíochas agus ceannasacht an Aontais a fheabhsú. Ag tógáil ar a bhfuil

---

55 Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE.

56 Tá éascaíocht déanta ag an Coimisiún ar Chód Cleachtais a tharraingt suas chun rialacha Intleachta Saorga Il-Chuspóireacha (ISIC) a mhionsonrú, ar rialacha iad a formheasadh mar rialacha leordhóthanacha a bhféadfadh soláthraithe brath orthu chun comhlíonadh a n-oibleagáide faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga a léiriú. Ghlac sé teimpléad freisin do sholáthraithe samhlacha ISIC chun achoimre a dhéanamh ar an ábhar a úsáidtear chun oiliúint a chur ar a samhlacha. Tá staidéar ar siúl faoi láthair maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh clárlann um rogha gan bheith páirteach ann faoin eisceacht maidir le Mianadóireacht Téacs agus Sonraí (MTS) agus tá staidéar eile beartaithe chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar na rialacha sa Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach, lena n-áirítear an eisceacht MTS. Thairis sin, sheol an Coimisiún próiseas chun Cód Cleachtais nua a tharraingt suas maidir le trédhearcacht ábhair a ghintear leis an Intleacht Shaorga i gcomhréir le hAirteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

57 COM(2025) 723 final.

bainte amach faoin bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, rannchuideoidh Treochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha le scileanna digiteacha a leathnú agus a dhoimhniú ar mhaithe leis an gcruthaitheacht, le heispéiris thumthacha agus leis an nuálaíocht ealaíonta, leis an digitiú, le litearthacht sna meáin, le feasacht ar an gcibearshlándáil, agus le rochtain dhigiteach ilteangach. Cuirfidh an Coimisiún rochtain ar fáil ar oiliúint phraiticiúil litearthachta san Intleacht Saorga agus tacóidh sé le hoiliúint a chur ar phróifílí ildisciplíneacha le haghaidh earnálacha níos diandigití agus a bhfuil tallann earnála Intleachta Saorga de dhíth orthu, lena n-áirítear earnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus na meán.

Chun leas a bhaint as an gclaochlú digiteach ní mór acmhainneacht nuálach na n-earnálacha cultúrtha a scaoileadh a thuilleadh freisin, go háirithe trí thionscadail de chuid an Aontais a chistítear tríd an gclár Fhís Eorpach nó trí obair institiúidí ardoideachais chun bearnaí eolais a dhúnadh agus fiontraíocht a chur chun cinn.

### 5.2. Forbairt réigiúnach, chríochach agus áitiúil faoi stiúir an chultúir a chur chun cinn

Ní mór deiseanna cultúrtha agus bonneagar cultúrtha a bheith ar fáil go cothrom ar fud na mBallstát, na réigiún agus na gcríoch, lena n-áirítear i gceantair fhorimeallacha, thuaithe, oileánda, chósta agus iargúlta, agus sna réigiúin is forimeallaí san Aontas, a bhfuil dúshláin rompu amhail dídhaonrú, aosú déimeagrafach, bacainní geografacha, agus níos lú seirbhísí agus seirbhísí níos boichte. Mar sin féin, tá thart ar 38 % de mhuintir na hEorpa i gceantair thuaithe den tuairim gur bacainn ar rochtain é a bheith suite achar ó ionaid chultúrtha[58].

Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht shochaíoch an chultúir agus chun tacú le ceart fanachta éifeachtach. Chuige sin, tá gá le beartais chultúrtha agus bearta infheistíochta atá **leabaithe i bpleananna comhtháite forbartha críochaí níos leithne agus atá curtha in oiriúint go sonrach do riachtanais áitiúla**. **Bíonn ról ríthábhachtach ag an turasóireacht chultúrtha freisin ó thaobh oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú agus a chur chun cinn**.

I ndáil leis an méid sin, tá ról lárnach ag Beartas Comhtháthaithe an Aontais. Ó 2021 go 2027, leithdháileadh breis agus EUR 5 bhilliún ar infheistíochtaí díreacha sa chultúr agus san oidhreacht chultúrtha ar fud réigiún agus críoch, rud a thacaíonn le breis agus 24 000 láithreán cultúir, oidhreachta cultúrtha agus turasóireachta[59]. Mar chomhlánú air sin, cuireann an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) tacaíocht ar fáil don chultúr i gceantair thuaithe freisin. Cuidíonn an tacaíocht sin le ról an chultúir san fhorbairt shocheacnamaíoch agus chríochach a neartú. Leanann an Coimisiún d'obair a spreagadh chun a áirithiú go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn sa réimse sin i gcomhar le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus le páirtithe leasmhara ábhartha.

Ag féachaint chun cinn, cuirfidh **Straitéis Turasóireachta Inbhuanaithe an Aontais**[60] an turasóireacht chultúrtha inbhuanaithe chun cinn a thuilleadh mar chatalaíoch do chosaint na hoidhreachta, don chomhtháthú sóisialta, don inbhuanaitheacht chomhshaoil agus don iomaíochas eacnamaíoch ar fud na hEorpa. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag obair ar thionscadal piarfhoghlama a fhorbairt chun **deiseanna le haghaidh gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha i gceantair thuaithe a leathnú**, agus é mar aidhm aige **tarraingteacht na**

---

58 Eorabharaiméadar Speisialta 562 ar Dhearcadh mhuintir na hEorpa i leith an chultúr

59 An 8 Meán Fómhair 2025, asbhaineadh sonraí maidir le leithdháiltí an Aontais don chultúr agus don oidhreacht chultúrtha faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) (lena n-áirítear faoin gclár Comhar Críochach Eorpach - sraith Interreg de chuid CFRE). Ní léirítear sna figiúirí ach na leithdháiltí díreacha.

60 Straitéis Turasóireachta an Aontais

**réigiún a fheabhsú agus daoine óga a choinneáil iontu**. Ina theannta sin, le **Saoráid *Bauhaus* Eorpach Nua 2025-2027, cisteofar tionscadail arb é is aidhm dóibh comharsanachtaí a athbheochan** trí dhearadh inbhuanaithe, cuimsitheach agus ardcháilíochta.

Tá ról athbheochana an chultúir le feiceáil chomh soiléir céanna i gcomhthéacsanna uirbeacha. Le 40 bliain anuas, d'éirigh leis an tionscnamh **Príomhchathracha Cultúir na hEorpa (ECoC)**[61] spreagadh a chur faoina bhfuil ar fáil ó thaobh an chultúir de sna cathracha óstacha. Mar thoradh air sin, feabhsaíodh beocht chultúrtha, cothaíodh fás eacnamaíoch, agus neartaíodh naisc phobail i gcathracha ar fud na hEorpa. Ag tógáil ar an rath sin, tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí an tionscnamh a chur chun cinn agus molfaidh sé **bunús dlí nua chun leanúint den ghníomhaíocht agus chun ECoC a neartú tar éis 2033**.

### 5.3. An oidhreacht chultúrtha a choimirciú, a chosaint agus a chur chun cinn, agus comhtháthú agus athléimneacht a neartú ag an am céanna

Tá cur chun cinn, caomhnú agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha, lena n-áirítear a gné dhigiteach, fós ina bpríomhthosaíocht i gceapadh beartais agus i gcistiú an Aontais, agus is rudaí iad a fhaigheann tacaíocht ó thionscnaimh amhail an Lipéad Oidhreachta Eorpach, Laethanta Eorpacha na hOidhreachta, Gradaim Oidhreachta na hEorpa/Gradaim Europa Nostra, agus an Mol Oidhreachta Eorpach. Ag tógáil ar an méid sin a baineadh amach, déanfaidh an Coimisiún **an Lipéad Oidhreachta Eorpach a athnuachan agus a neartú** chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith ábhartha.

Tacaíonn an Coimisiún le **digitiú agus claochlú digiteach earnáil na hoidhreachta cultúrtha** trí thionscnaimh amhail *Europeana*, ina bhfuil breis agus 65 mhilliún mír dhigiteacha[62] anois, agus Néal na hOidhreachta Cultúrtha[63] nó an **Spás Coiteann Sonraí Eorpach don Oidhreacht Chultúrtha**[64]. Leis na gníomhaíochtaí sin, cuirtear feabhas ar rochtain ar shonraí ardcháilíochta (lena n-áirítear sonraí 3T), cothaítear athúsáid ar fud earnálacha, agus cuirtear dlús le glacadh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn trí dheiseanna oiliúna agus uas-scilithe. Leanfaidh an Coimisiún dá ghníomhaíochtaí tacaíochta sa réimse sin.

Isiomaí riosca atá ag bagairt ar an oidhreacht: tubaistí de dhéantús an duine, amhail coinbhleachtaí armtha, an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil, agus guaiseacha nádúrtha[65], mar a léiríodh le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, falscaithe a tharla le déanaí, creathanna talún agus tuilte ar fud na hEorpa. Tá sé práinneach, dá bhrí sin, pleananna ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna agus pleananna bainistithe riosca, sásraí comhair agus nósanna imeachta i réimse an chultúir agus na hoidhreachta a chruthú agus a chur chun feidhme.

I gcomhréir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr,2023-2026 agus le Straitéis um Aontas na hUllmhachta[66], tá an tAontas ag cur feabhas ar an gcomhar agus ar an ullmhacht trí bhíthin sásraí amhail Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tionscnaimh amhail ProCultHer[67], agus an tionscadal READY[68] atá faoi stiúir ICCROM[69] lena neartaítear acmhainneachtaí na mBallstát bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar na rioscaí don oidhreacht a bhaineann le tubaistí,

---

[61] Príomhchathracha Cultúir na hEorpa - Cultúr agus Cruthaitheacht
[62] Deais Staidrimh *Metis*
[63] Néal na hOidhreachta Cultúrtha - An Coimisiún Eorpach
[64] An Spás Coiteann Sonraí Eorpach don Oidhreacht Chultúrtha
[65] Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige an Aontais i leith na hOidhreachta Cultúrtha le linn Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna agus Conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú riosca i réimse na hoidhreachta cultúrtha 2020/C 186/01
[66] Ullmhacht - An Coimisiún Eorpach
[67] ProCultHer – Oidhreacht Chultúrtha a Chosaint ar Iarmhairtí Tubaistí
[68] READY- Athléimneacht don Oidhreacht in aghaidh Tubaistí, Rioscaí Aeráide agus Éigeandálaí Casta
[69] Seasann ICCROM do 'An Lárionad Idirnáisiúnta um Staidéar ar Mhaoin Chultúrtha a Chaomhnú agus a Athchóiriú'.

teagmhais fhoircneacha agus coinbhleachtaí a bhaineann leis an aeráid. Tá tacaíocht á tabhairt do thaighde ceannródaíoch sa réimse sin tríd an gClár Fís Eorpach, agus tá taithí phraiticiúil carntha ag an gCoimisiún agus é ag tacú le hoidhreacht chultúrtha agus ealaíontóirí na hÚcráine. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag comhoibriú leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar caomhnú agus go dtabharfar rochtain leanúnach ar an oidhreacht dhigiteach luachmhar (lena n-áirítear oidhreacht chultúrtha a céadchruthaíodh go digiteach) i bhfianaise rioscaí, agus feabhas a chur ar chaomhnú na hoidhreachta cultúrtha digití lasmuigh de theorainneacha náisiúnta, rud atá ag éirí níos tábhachtaí i bhfianaise bagairtí méadaithe nádúrtha, cibearbhagairtí agus bagairtí eile.

Tá an comhrac i gcoinne na gáinneála ar earraí cultúrtha lárnach freisin ó thaobh an oidhreacht chultúrtha agus an chuimhne chomhchoiteann a chosaint. Nuair a dhéantar coireanna amhail goid, tochailt neamhdhleathach, creachadh agus brionnú imrítear tionchar díreach ar fhéiniúlachtaí, comhtháthú agus athléimneacht na bpobal, go háirithe i limistéir ghéarchéime agus choinbhleachta, agus is féidir leo a bheith brabúsach do lucht na coireachta eagraithe, do roinnt páirtithe coinbhleachta nó do sceimhlitheoirí. Is féidir le hearraí cultúrtha a bheith tarraingteach do lucht déanta coireanna gaolmhara amhail sciúradh airgid, smachtbhannaí nó imghabháil cánach, rud a chuireann i mbaol iad.

Le Plean Gníomhaíochta an Aontais in aghaidh na Gáinneála ar Earraí Cultúrtha[70], le rialachán an Aontais maidir le hearraí cultúrtha a thabhairt isteach agus a allmhairiú[71], leis an treoir maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac[72] agus le roinnt tionscadal taighde atá cistihe ag an Aontas[73], cuireadh creat daingean ar fáil le haghaidh gníomhaíocht chomhordaithe atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ar siúl feasta sa réimse sin. Oibríonn an Coimisiún i gcomhar le Comhairle Idirnáisiúnta na Músaem freisin maidir le cosc coireanna, taighde, imscrúdú coireanna agus slándáil músaem, lena n-áirítear athchóiriú a dhéanamh ar a Faireachlann Idirnáisiúnta um Gháinneáil Earraí Cultúrtha, agus bhunaigh sé idirphlé leis an margadh ealaíne chun faisnéis a mhalartú agus chun cleachtais eiticiúla a chur chun cinn[74].

As seo amach, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d’inrianaitheacht earraí cultúrtha a fheabhsú, de thacú le dícheall cuí agus do theicneolaíochtaí nuálacha a chur ag obair, agus de na páirtithe leasmhara uile a shlógadh chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint ar bhealach níos fearr agus chun coireanna a bhaineann leis an oidhreacht a chomhrac.

### 5.4. Conairí cruthaitheacha lena dtugtar aghaidh ar an athrú aeráide agus ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil

Ba cheart na hearnálacha cultúrtha a shlógadh a thuilleadh chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide agus na bithéagsúlachta, agus ba cheart gníomhaithe cultúrtha a chumhachtú chun dul i gceannas ar an aistriú glas. Leanfaidh an Coimisiún den idirphlé idir páirtithe leasmhara cultúrtha agus comhshaoil a chur chun cinn, lena n-áirítear trí **cheardlann a eagrú maidir le ról an chultúir agus na n-ealaíon maidir le stíl mhaireachtála inbhuanaithe.**

Tá sé tábhachtach i gcónaí cultúr comhroinnte ailtireachta agus deartha a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh i dtimpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách trí thionscnaimh amhail **Bauhaus Eorpach Nua**. Chun leas a bhaint as cumhacht chlaochlaitheach

---

[70] COM(2022) 800 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais in aghaidh na Gáinneála ar Earraí Cultúrtha
[71] Rialachán (AE) 2019/880
[72] Treoir (AE) 2024/1640
[73] Nuálaíochtaí chun gáinneáil ar earraí cultúrtha a chomhrac - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
[74] Foghrúpa um an Margadh Ealaíne (E03650/2) - Clár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus ainmneacha eintiteas eile den saghas céanna

na n-ealaíon agus an chultúir ar mhaithe leis an gcruthaitheacht agus an nuálaíocht, glacfaidh an Coimisiún **Teachtaireacht agus togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le todhchaí Bauhaus Eorpach Nua** agus féachfaidh sé le tuilleadh tacaíochta a thabhairt don chultúr trí thionscnaimh ghaolmhara.

Ní mór d'earnálacha an chultúir dul i ngleic le saincheisteanna amhail éifeachtúlacht fuinnimh, agus i gcás na hoidhreachta is rud é sin ba cheart a mheá agus urraim á tabhairt do shláine na hoidhreachta. Ba cheart uirlisí praiticiúla agus tionscnaimh phraiticiúla a chur chun cinn a thuilleadh, amhail áireamhán carbóin MEDIA le haghaidh léiriúcháin chlosamhairc Eorpacha atá á bhforbairt faoi láthair le tacaíocht ó shraith MEDIA den chlár Eoraip na Cruthaitheachta[75] nó ó thionscadal GO GREEN i gcomhair caomhnú oidhreachta, arna chistiú ag Fís Eorpach[76].

Ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí glasaithe na n-earnálacha cultúrtha. Sampla amháin is ea seoladh beartaithe na **Comhpháirtíochta T & N nua uaillmhianaí Eorpach don Oidhreacht Chultúrtha Athléimneach**, arna comhchistiú ag Fís Eorpach agus lena gcomhlánaítear braisle de ghníomhaíochtaí leanúnacha T & N. Leis an gcomhpháirtíocht sin, déanfar infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht chun feabhas a chur ar chaomhnú oidhreacht chultúrtha na hEorpa agus chun rannchuidiú le haeráidneodracht trí chleachtais, teicnící agus ábhair, idir cinn traidisiúnta agus cinn nuálacha agus a shainaithnítear trí thaighde ar an oidhreacht chultúrtha, a chur chun cinn. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag cur ar son moladh **an cultúr agus an oidhreacht chultúrtha a chomhtháthú go hiomlán sa chlár oibre idirnáisiúnta** maidir le hoiriúnú **don athrú aeráide** trí shásraí comhordúcháin ábhartha agus trí fhóraim idirnáisiúnta.

## 6. Aontas Eorpach a dhéanann caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus comhpháirtíochtaí cultúrtha idirnáisiúnta a mhóradh

Is codanna de *raison d'être* an Aontais agus ceann dá phríomhchuspóirí i réimse na gníomhaíochta seachtraí iad an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú. Rannchuidíonn an cultúr leis na hiarrachtaí sin mar chumasóir síochána, mar chatalaíoch don fhorbairt inbhuanaithe, agus mar dhroichead idir daoine.

Sa tírdhreach geopholaitiúil leochaileach atá ann faoi láthair, ina bhfeictear ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, tá méadú ag teacht ar thábhacht an chultúir mar réimse straitéiseach tionchair. Ar an scála domhanda, tá roinnt tíortha ag baint úsáid ghníomhach as an gcultúr chun braistintí agus féiniúlachtaí a mhúnlú chun cuspóirí polaitiúla a dhlisteanú. Chun go leanfaidh sé de bheith athléimneach agus inchreidte, ní mór don Aontas an fhírinne sin a aithint agus freagairt di trína chur chuige luachbhunaithe a threisiú ina chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta, trína éagsúlacht chultúrtha shaibhir féin a ghiaráil mar shócmhainn straitéiseach lena neartaítear an ghníomhaíocht sheachtrach, lena gcothaítear athléimneacht, cobhsaíocht agus athmhuintearas na sochaí agus lena rannchuidítear lenár slándáil chomhchoiteann.

Tá méadú ag teacht ar ionchas na mBallstát, na gcomhpháirtithe agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta de chuid an Aontais go ngníomhóidh an tAontas ar bhealach níos comhsheasmhaí agus níos uaillmhianaí i réimse an chultúir ar an leibhéal domhanda agus i gcomhthéacsanna iltaobhacha. Is ann do bhreisluach an Aontais de bhrí gur mó é ná suim a chodanna, mar a léirítear freisin agus é i láthair le linn mórimeachtaí cultúrtha agus taidhleoireachta poiblí i dtíortha comhpháirtíochta.

[75] Áireamhán coiteann astaíochtaí carbóin d'earnáil closamhairc na hEorpa: i dtreo todhchaí atá comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de.

[76] Tionscadal GoGreen

### 6.1. An cultúr a leabú go straitéiseach i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais

Tríd an ngné sheachtrach den Chompás Cultúir a fhorbairt, is féidir leis an Aontas an éagsúlacht chultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn, a ról domhanda a neartú, agus tairbhí nithiúla a chur ar fáil do shochaithe ar fud an domhain. Chun é sin a bhaint amach, tá gá le toil pholaitiúil, gníomhaíocht chomhordaithe, agus tiomantas comhroinnte go dtiocfaidh an cultúr chun bheith ina chuid lárnach d'acmhainn straitéiseach na hEorpa le haghaidh rannpháirtíocht na hEorpa leis an domhan. Tá ról tábhachtach ag Toscaireachtaí an Aontais i ndáil leis sin.

Agus leas á bhaint as taithí amhail an pacáiste 'Foireann na hEorpa don Oidhreacht Chultúrtha san Úcráin' agus cur chuige Fhoireann na hEorpa maidir le 'Comhpháirtíochtaí Músaeim Afracacha agus Eorpacha a Neartú', ba cheart na samhlacha sin a chur i bhfeidhm ar bhealach níos córasaí, lena n-áirítear i réigiúin atá ag dul i ngleic le tubaistí nádúrtha, coinbhleacht armtha, nó éagobhsaíocht eacnamaíoch. Thug an tArdán um Chaidreamh Cultúrtha cur chuige athnuaite isteach tríd an rannpháirtíocht a chur ina chroílár, bunaithe ar idirphlé comhúinéireachta, ar chomhchruthú agus ar chomhpháirtíochtaí inbhuanaithe. Tríd an tionscadal Spásanna Cultúir na hEorpa léiríodh go bhfuil tionscnaimh chultúrtha a chomhchruthaítear agus atá fréamhaithe go háitiúil in ann tuiscint fhrithpháirteach a neartú agus tionchar marthanach a imirt. Chun na hiarrachtaí sin a bhuanú, seolfaidh an Coimisiún **céim nua den Ardán um Chaidreamh Cultúrtha ar fud an domhain**. Leanfaidh sé freisin dá **dhlúthchomhar le líonra Institiúidí Náisiúnta an Aontais Eorpaigh don Chultúr** chun caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a chur chun cinn.

Chun go n-aithneofar luach an chultúir mar phríomhcholún straitéiseach de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, neartóidh an tAontas comhtháthú córasach straitéiseach an chultúir ina bheartais agus ina chláir sheachtracha, lena n-áirítear trína straitéis *Global Gateway*. Ba cheart ionstraimí ábhartha, amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda (ICFCI - an Eoraip Dhomhanda)[77], a shlógadh go comhsheasmhach.

Chun an tionchar is mó is féidir a bhaint amach, ba cheart do bheartais agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta maidir le caidreamh cultúrtha comhar trasearnála a fheabhsú agus a spreagadh idir cultúr agus gnóthaí eachtracha ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, agus le geallsealbhóirí. Áirithítear le comhar il-leibhéil agus trasearnála go ndéantar tosaíochtaí beartais agus riachtanais na bpobal ar an láthair araon a léiriú i ngníomhaíocht chultúrtha. Den mheon sin, molfaidh an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go dtabharfar cothrom le dáta **Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta** (Teachtaireacht Chomhpháirteach 2016[78]).

### 6.2. Comhar cultúrtha a uas-scálú i bpróisis mhéadaithe agus lánpháirtíochta, agus sa chaidreamh le tíortha comharsanacha agus réigiúin chomharsanacha chomh maith

[77] Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle; Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 209/2021

[78] Teachtaireacht Chomhpháirteach i dtreo Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta (JOIN/2016/029)

Tá ról ríthábhachtach ag an gcomhar cultúrtha maidir le tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha a thabhairt níos gaire don Aontas. Ach a mbeartais chultúrtha a ailíniú le caighdeáin an Aontais, malartuithe gairmiúla a chothú, agus an éagsúlacht chultúrtha a chaomhnú agus rannchuidiú léi, is féidir cabhrú leo a gconairí lánpháirtíochta a neartú. Maidir le cláir an Aontais amhail Eoraip na Cruthaitheachta, EU4Culture[79],an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)[80], agus an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise[81], léiríodh cheana an luach a bhaineann leo chun tacú le hearnálacha cultúrtha na tíortha is iarrthóirí agus na dtíortha is iarrthóirí ionchasacha agus chun braistint mhuintearais níos mó agus féiniúlacht Eorpach chomhroinnte níos mó a chur chun cinn. Leis na tionscnaimh sin, cruthaítear poist ardcháilíochta, spreagtar fás inbhuanaithe, agus cothaítear comhthuiscint idir tíortha comhpháirtíochta agus na Ballstáit. Ba cheart leanúint den chineál sin tacaíochta chun próiseas an mhéadaithe a chur chun cinn. Cuirfear rannpháirtíocht na hóige chun cinn go gníomhach freisin i réigiún an mhéadaithe, ag tógáil ar thionscnaimh rathúla, lena n-áirítear Saotharlanna Óige.

Leanfaidh an Coimisiún de neartú a dhéanamh ar an Idirphlé Beartais maidir leis an gCultúr le tíortha is iarrthóirí, le tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus le tíortha comharsanachta, i ndlúthchomhar le Ballstáit an Aontais. Ina theannta sin, seolfaidh sé céim nua den **Chlár *EU4Culture*** i gComharsanacht an Oirthir. Sa bhreis ar an gcomhar teicniúil, cuireann malartuithe cultúrtha deiseanna idirphlé agus malartaithe ar fáil agus insítear chumhachtach, lena gcuirtear ballraíocht san Aontas i láthair ní hamháin mar phróiseas dlíthiúil agus eacnamaíoch, ach mar tionscadal comhchoiteann cultúrtha. Cuirfear rannpháirtíocht na hóige chun cinn go gníomhach freisin i réigiún an mhéadaithe, ag tógáil ar thionscnaimh rathúla, lena n-áirítear Saotharlanna Óige.

Thairis sin, rachaidh comhar níos dlúithe maidir leis an gcultúr chun tairbhe do chaidreamh an Aontais le tíortha comharsanachta agus le tíortha níos faide i gcéin. Mar shampla, cuireann oidhreacht shaibhir inláimhsithe agus dholáimhsithe na Meánmhara Theas bonn láidir ar fáil don chomhar amach anseo tríd an gcultúr, tríd an turasóireacht chultúrtha inbhuanaithe agus tríd an bhforbairt bunaithe ar an oidhreacht. Leis an gComhshocrú nua don Mheánmhuir[82], cuirtear deiseanna ar fáil chun an oidhreacht chultúrtha agus tionscail chruthaitheacha a chur i gcroílár na dtionscnamh idirphlé agus comhair agus comhordúcháin. I gcomhthéacs an Chomhshocraithe, seolfaidh an Coimisiún **tionscnamh nua Eora-Mheánmhara don chultúr, don spórt agus don turasóireacht**.

Ina theannta sin, ag tógáil ar an taithí a fuarthas tríd an gclár Eoraip na Cruthaitheachta, mhol an Coimisiún go bhféadfadh tríú tíortha leanúint de bheith rannpháirteach i gclár AgoraEU.

### 6.3. An t-iltaobhachas a neartú trí bhíthin an chultúir

Baineann ríthábhacht i gcónaí leis an iltaobhachas a chothú trí bhíthin an chultúir chun go neartóidh an tAontas a ról mar ghníomhaí domhanda, chun an t-idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn, agus chun comhpháirtíochtaí a thógáil lena gcuirfear leis an tsíocháin, leis an urraim fhrithpháirteach agus leis an rathúnas ar fud an domhain. Trí bhíthin a rannpháirtíochta

79 Leathanach tionscadail an Aontais - COMHARSANA AN AONTAIS, san oirthear

80 Cistíodh roinnt tionscadal trí Ionstraim an Aontais um Chúnamh Réamhaontachais (IPA), mar shampla sna Balcáin Thiar, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an gcomhar cultúrtha mar spreagadh don athmhuintearas agus don dea-chaidreamh comharsanachta, lena dtacaítear le cobhsaíocht réigiúnach fhadtéarmach agus le comhthuiscint.

81 An Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise - An Coimisiún Eorpach

82 Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an gComhshocrú nua don Mheánmhuir - an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus an Mhurascaill

gníomhaí i bhfóraim iltaobhacha amhail UNESCO (lena n-áirítear i gcomhthéacs *Mondiacult*[83]), agus sna grúpaí G7 agus G20, cuidíonn an tAontas le beartais chultúrtha idirnáisiúnta a mhúnlú, agus déanann sé comhsheasmhacht a áirithiú i gcúrsaí beartais ar fud na n-earnálacha. Ba cheart don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh de na gealltanais sin agus ba cheart dó rannchuidiú le ról an chultúir a chur chun cinn sa chlár oibre iar-2030 don fhorbairt inbhuanaithe, trí leanúint de chineálacha cur chuige fianaisebhunaithe a chur chun cinn.

## 7. Cultúr na hEorpa: infheistíocht straitéiseach

Chun tacú le fís agus spriocanna na mbeartas uaillmhianach atá ag an gCompás Cultúir don Aontas Eorpach, ní mór na hionstraimí cistiúcháin atá ann cheana agus atá le teacht ar gach leibhéal a shlógadh ar bhealach níos córasaí, i gcomhthráth le hinfheistíocht phríobháideach agus le maoiniú daonchairdis.

### 7.1. Cistiú tiomnaithe leanúnach

Déanfar tacaíocht airgeadais leanúnach thiomnaithe ón Aontas d'earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta san Eoraip a áirithiú tríd an gclár Eoraip na Cruthaitheachta agus tríd an gclár AgoraEU atá beartaithe do 2028-2034, lena dtugtar le chéile cultúr, na meáin, luachanna agus cearta trí chur leis an rath a bhí ar an gclár Eoraip na Cruthaitheachta agus ar an gclár CERV atá ann faoi láthair. I gcomhréir leis an togra uaidh, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún tógáil ar ar baineadh amach faoin gclár Eoraip na Cruthaitheachta agus tógáil ar an rath a bhí air, agus tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an buiséad don chultúr a dhúbailt. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar rudaí a shimpliú, lena n-áirítear trí úsáid níos mó a bhaint as fodheontais agus as maoiniú nach bhfuil nasctha le costais agus as cnapshuimeanna, rud a d'fhágfadh go mbeadh éifeachtúlacht níos fearr ann, agus go mbeadh sé níos inrochtana.

### 7.2. Príomhshruthú ar fud ionstraimí airgeadais an Aontais

Bhain ríthábhacht le cistiú reatha an Aontais don chultúr, ó réimse clár, chun oideachas, taighde, nuálaíocht, digitiú, dinimiceas FBManna, saoránacht ghníomhach, agus gníomhaíocht chultúrtha le tíortha nach bhfuil san Aontas a chothú[84]. Chuidigh treoir chistiúcháin *CulturEU* le páirtithe leasmhara a mbealach a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar an gcur chuige atá ag ionstraimí cistiúcháin éagsúla an Aontais agus ar an gcaoi a gcistítear an cultúr leo[85]. Tabharfaidh an Coimisiún **cothrom le dáta é chun deiseanna cistiúcháin don chultúr a léiriú sa chéad bhuiséad eile de chuid an Aontais**.

Maidir leis **an gcéad CAI eile, mhol an Coimisiún tacú leis an gcultúr faoi ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais**, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas, Fís Eorpach, na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha, agus an ionstraim um an Eoraip Dhomhanda. Chun tacú leis sin, forbróidh an Coimisiún **treoirlínte maidir le hinfheistíocht straitéiseach sa chultúr**, i gcomhréir le príomhthreonna an Chompáis Chultúir.

### 7.3. Cistiú príobháideach a ghiaráil

Tá sé ríthábhachtach sásraí nuálacha a fhiosrú le haghaidh mhaoiniú earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta chun a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú. **Moltar go láidir an comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach** chun foinsí cistiúcháin don chultúr a leathnú, amhail deontais a chomhlánú le **hionstraimí margaidh, ina**

83 Comhdháil Dhomhanda UNESCO maidir le Beartais Chultúir agus Forbairt Inbhuanaithe

84 Amhail Erasmus+, Fís Eorpach, an clár don Eoraip Dhigiteach, an clár InvestEU, an clár CERV agus ICFCI - an Eoraip Dhomhanda.

85 Treoir Chistiúcháin *CulturEU* Cultúr agus Cruthaitheacht

**n-ionchorpraítear cineálacha cur chuige nua cistithe, lena n-áirítear maoiniú daonchairdis agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí**, atá saincheaptha do riachtanais shonracha na n-earnálacha.

Tá an Coimisiún, in éineacht leis an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI), tar éis ionstraimí airgeadais nuálacha a fhorbairt mar mhalairt ar chistiú deontais traidisiúnta. Is é is aidhm dóibh sin margaí airgeadais a ghiaráil, ó thaobh cothromais agus iasachtaithe de araon, ar mhaithe leis na meáin agus le earnálacha eile an chultúir agus na cruthaitheachta. Chun éagsúlacht agus iomaíochas na n-earnálacha cultúrtha a neartú a thuilleadh, agus chun cur le dea-thorthaí ráthaíochtaí InvestEU i réimse na meán agus le Saoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta[86] agus leis an uirlis infheistíochta cothromais *MediaInvest*[87], féachfaidh an Coimisiún ar **uirlisí airgeadais nua chun caipiteal príobháideach a shlógadh agus infheistíocht in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta** a éascú, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí, chun a n-acmhainneachtaí a mhéadú chun dul i mbun cruthaitheachta agus nuálaíochta.

## 8. Conclúidí agus an bealach chun cinn

Leagtar amach sa Compás Cultúir don Aontas Eorpach creat beartais uaillmhianach neartaithe de chuid an Aontais don chultúr. Faigheann a ghníomhaíochtaí réamhbhreathnaitheacha tacaíocht ó thrí cinn d'uirlisí beartais uileghabhálacha chun é a chur chun feidhme: Tuarascáil thréimhsiúil maidir le Staid an Chultúir san Aontas, idirphlé struchtúrtha de chuid an Aontais maidir leis an gcultúr, agus mol sonraí cultúrtha de chuid an Aontais.

Chun treoshuíomh straitéiseach an Chompáis Cultúir seo a chur chun cinn, tá gá le tiomantas polaitiúil neartaithe agus infheistíocht sa chultúr. Is faoi bhrí an spioraid sin a mholtar inniu an dréacht-Dhearbhú Comhpháirteach dar teideal 'An Eoraip ar son Cultúir – Cultúr ar son na hEorpa'. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an dréacht a bhreithniú d'fhonn teacht ar théacs a chomhaontófar go comhpháirteach agus an Dearbhú a chomhshíniú mar chomhartha go bhfuiltear ar aon intinn.

Oibreoidh an Coimisiún freisin le hinstitiúidí poiblí eile, le páirtithe leasmhara cultúrtha, le gníomhaithe na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí ábhartha agus le gach duine eile lena mbaineann chun páirt ghníomhach a ghlacadh chun ardmhianta an Chompáis Chultúir don Aontas Eorpach a bhaint amach.

---

[86] Saoráid Ráthaíochta Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta (CCS GF), a cistíodh i dtosach leis an gclár Eoraip na Cruthaitheachta go dtí 2020, agus ina ansin le *InvestEU* ó 2021 i leith, agus arna cur chun feidhme trí bhíthin comhar éifeachtach idir an Coimisiún agus an Ciste Eorpach Infheistíochta.

[87] *MediaInvest* - Borradh a chur faoin Infheistíocht in Earnáil Closamhairc na hEorpa | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú

## IARSCRÍBHINN 1: GNÍOMHAÍOCHTAÍ SUAITHEANTA AN CHOMPÁIS CULTÚIR DON AONTAS EORPACH

Sa liosta thíos déantar breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an Coimisiún chun an Compás Cultúir don Aontas Eorpach a chur chun feidhme.

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amlíne |
|---|---|---|
| | **FÍS: An Eoraip ar son Cultúir, Cultúr ar son na hEorpa** | |
| **1.** | Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach dar teideal 'An Eoraip ar son Cultúir – Cultúr ar son na hEorpa'. | R4 2025 |
| **2.** | Tuarascáil ar Staid an Chultúir san Aontas Eorpach agus idirphlé struchtúrtha de chuid an Aontais a eagrú le páirtithe leasmhara. | R3 2027 (SC)<br>R3 2026 (idirphlé) |
| **3.** | Mol sonraí cultúrtha de chuid an Aontais a bhunú a bheidh á bhainistiú ag an gCoimisiún Eorpach. | amhail ó R3 2027 |
| | **Príomhthreo 1: LUACHANNA AGUS CEARTA** | |
| **4.** | Duais nua Eorpach do na Taibhealaíona a mholadh. | R2 2027 |
| **5.** | Tuarascáil chun tacú leis na Ballstáit chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa chultúr agus tacaíocht dóibh a mhéadú. | R1 2028 |
| **6.** | Creat deonach a bhunú faoina dtabharfar aitheantas frithpháirteach do phasanna cultúir agus oidhreachta cultúrtha le haghaidh daoine óga a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, Bealach Cultúir *DiscoverEU* a chur chun cinn i measc daoine óga, agus méadú a dhéanamh ar a bhfuil ar fáil ó thaobh an chultúir de laistigh den Chárta Óige Eorpach reatha (a chistítear faoi Erasmus+). | R4 2027 (pasanna)<br>R2 2026 (*DiscoverEU*)<br>R2 2026 (Cárta óige) |
| | **Príomhthreo 2: EALAÍONTÓIRÍ AGUS DAOINE** | |
| **7.** | Cairt Ealaíontóirí de chuid an Aontais a mholadh i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na páirtithe leasmhara. | R2 2027 |
| **8.** | Líonra Óg-Ambasadóirí Cultúrtha a bhunú chun cúrsaí a bhaineann leis an mbeartas cultúir a phlé. | at tosú in 2026 |
| **9.** | Treoirlínte an Aontais maidir le cultúr, sláinte agus folláine a chur i láthair. | 2028 |
| | **Príomhthreo 3: IOMAÍOCHAS, ATHLÉIMNEACHT, COMHTHÁTHÚ** | |
| **10.** | Straitéis IS le haghaidh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chur i láthair. | R1 2027 |
| **11.** | An Spás Coiteann Sonraí Eorpach don Oidhreacht Chultúrtha a fhorbairt, i gcomhthéacs na Straitéise Imscartha um Spás Sonraí, 2025-2030 atá le teacht. | ó R4 2025 ar aghaidh |
| **12.** | An Lipéad Oidhreachta Eorpach agus an clár Príomhchathair Chultúir na hEorpa a neartú tar éis 2033. | R2 2026 |
| **13.** | Teachtaireacht agus togra a ghlacadh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le todhchaí *Bauhaus Eorpach Nua*, lena mbaintear leas as cumhacht chlaochlaitheach na n-ealaíon agus an chultúir ar mhaithe leis an gcruthaitheacht agus leis an nuálaíocht. | R4 2025 |
| **14.** | Comhpháirtíocht nua Eorpach um Thaighde agus Nuálaíochta don Oidhreacht Chultúrtha Athléimneach a sheoladh. | R2 2026 |
| | **Príomhthreo 4: IDIRNÁISIÚNTA** | |

| Uimh. | Gníomhaíocht | Amlíne |
|---|---|---|
| **15.** | In éineacht le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, nuashonrú a dhéanamh ar Straitéis an Aontais maidir le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta. | R4 2027 |
| **16.** | In éineacht le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, leas a bhaint as cur chuige Fhoireann na hEorpa i leith an chultúir chun comhthiomsú acmhainní an Aontais agus na mBallstát a spreagadh sa chultúr agus san oidhreacht chultúrtha. | Ar siúl |
| **17.** | Céim nua den Chlár *EU4Culture* a sheoladh i gComharsanacht an Oirthir. | R4 2025 |
| **18.** | Tionscnamh Eora-Mheánmhara a sheoladh don chultúr, spórt agus turasóireacht i gcomhthéacs an Chomhshocraithe don Mheánmhuir. | R1 2026 |
| | **INFHEISTÍOCHTAÍ** | |
| **19.** | Simpliú a dhéanamh ar an rochtain ar chistiú ón Aontas don chultúr agus treoir chistiúcháin *CulturEU* a thabhairt cothrom le dáta. | leanúnach (CE)<br>R4 2028 (CultureEU) |
| **20.** | Treoirlínte an Aontais a fhorbairt maidir le hinfheistíocht straitéiseach sa chultúr, agus iniúchadh a dhéanamh ar uirlisí nuálacha infheistíochta chun caipiteal príobháideach a mhealladh, lena n-áirítear maoiniú daonchairdis, i gcomhar leis na hinstitiúidí airgeadais ábhartha. | R4 2028 |